Teicneolaíocht Dhigiteach

Treoir don Dalta GCE

Rewarding Learning

Ag leibhéal AS foghlaimeoidh tú faoin doigh ar féidir córais ríomhaireachta a fhorbairt chomh maith le staidéar a dhéanamh ar choincheapa riachtanacha na teicneolaíochta digití a bhaineann leis. Críochnóidh tú dhá aonad AS, agus beidh scrúdú scríofa i ngach ceann acu. Is fiú 40 faoin chéad den A-leibhéal iad na scrúduithe seo.

Ag AS 2, críochnóidh tú dhá aonad breise, ceann amháin le scrúdú scríofa agus obair chúrsa sa cheann eile. Cuireann siad seo 60 faoi chéad leis na marcanna don A-leibhéal. Don scrúdú scríofa, déanfaidh tú staidéar mionchruinn ar chórais faisnéise ríomhairithe. San aonad obair chúrsa, beidh an deis agat an t-eolas agus na scileanna sa teicneolaíocht dhigiteach atá faighte agat a úsáid le córas ríomhairithe faisnéise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Cad chuige a ndéanfá staidéar ar Theicneolaíocht Dhigiteach?

Fiosraíonn Teicneolaíocht Dhigiteach an dóigh a n-úsáidtear teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide le faisnéis a stóráil, a phróiseáil agus a chur i láthair go héifeachtúil agus go cruinn.

Leanann tionchar na teicneolaíochta digití ar gach aon ghné dár saol de bheith ag bailiú luais. Tá teicneolaíochtaí agus seirbhísí faisnéise reatha agus i mbéal forbartha ag athrú an dóigh a mbímid ag déanamh cumarsáide lena chéile, a mbímid ag obair lena chéile agus ag foghlaim.

Tá sé bunriachtanach dúinn a thuiscint cén dóigh a n-oibríonn an teicneolaíocht seo le húsáid cheart a bhaint as. Tá sé riachtanach fosta saincheisteanna slándála a fhiosrú agus a thuiscint lenár gcórais sonraí agus faisnéise a choinneáil slán ar haiceálaithe agus sonraí a fháil ar ais má bhíonn tubaiste ann.

Seo cáilíocht do dhaltaí a bhfuil spéis acu i dteicneolaíochtaí reatha agus atá i mbéal forbartha agus sa tionchar atá acu ar ár saol gnó agus sóisialta agus atá ag iarraidh iad a úsáid go héifeachtach. Is dócha go mbeidh dúil ag gach duine ann, go háirithe ag na daltaí sin a bhain sult as staidéar a dhéanamh ar Theicneolaíocht Dhigiteach, Matamaitic, na hÉolaíochtaí nó Teicneolaíocht agus Dearadh ag GCSE.

Teicneolaíocht Dhigiteach

Treoir don Dalta GCE

Rewarding Learning

Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 1 Cur Chuige i leith Forbairt Córais	San aonad seo foghlaimeoidh tú faoi: • próiseas forbartha an chórais le béim ar leith ar chéimeanna a bhaineann le hanailís, dearadh agus cur i bhfeidhm; • cuir chuige mhalartacha ar fhorbairt, a ndéanfar comparáid eatarthu; • tionscadail bhogearraí; • saincheisteanna slándála; agus • coincheapa ríomhchlárúcháin.
AS 2 Bunphrionsabail na Teicneolaíochta Digití	San aonad seo foghlaimeoidh tú faoi: • léiriú sonraí; • sonraí agus faisnéis • ailtireacht ríomhairí; • comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí; • córais phróiseála; agus • teicneolaíocht ghréasáin agus ilmheáin.
A2 1 Córais Faisnéise	San aonad seo foghlaimeoidh tú faoi: • líonraí; • bunachair shonraí; • sainchórais; • feidhmeanna na teicneolaíochta digití; • teicneolaíochtaí soghluaiste; • néalríomhaireacht; agus • gnéithe aonánacha, sóisialta agus dlíthiúla.
A2 2 Forbairt Feidhmchláir	San aonad seo cuirfidh tú tionscadal mionsonraithe i gcrích. Beidh mionteagasc an tionscadail á chur ar fáil ar bhonn bliantúil ag CCEA. Sainaithneoidh tú fadhb réalaíoch agus déanfaidh tú taighde uirthi. Dearfaidh tú réiteach ansin, agus cuirfidh tú an réiteach i bhfeidhm agus déanfaidh tú é a thástáil, agus déanfaidh tú doiciméadú agus luacháil ar an réiteach.

Teicneolaíocht Dhigiteach

Treoir don Dalta GCE

Rewarding Learning

Cad é mar a dhéanfar measúnú orm?

Aonad	Cur Síos ar an Mheasúnú	Ualú
AS 1 Cur Chuige i leith Forbairt Córais	scrúdpháipéar seachtrach 1 uair 30 nóiméad	50% de AS 20% den A-leibhéal
AS 2 Bunphrionsabail na Teicneolaíochta Digití	scrúdpháipéar seachtrach 1 uair 30 nóiméad	50% de AS 20% den A-leibhéal
A2 1 Córais Faisnéise	scrúdpháipéar seachtrach 2 uair 30 nóiméad	40% den A-leibhéal
A2 2 Forbairt Feidhmchláir	Measúnú inmheánach ar thionscadal	20% den A-leibhéal

Teicneolaíocht Dhigiteach

Treoir don Dalta GCE

Cad é a thig liom a dhéanamh le cáilíocht sa Teicneolaíocht Dhigiteach?

Tá réimse leathan cúrsaí a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach ar fáil le staidéar breise a dhéanamh ar an ollscoil. Trí na cúrsaí GCE a dhéanamh ina n-iomláine (an cúrsa AS agus A2 araon) gheobhaidh tú bunsraith mhaith le dul ar aghaidh agus staidéar breise a dhéanamh san ardoideachas. Más mian leat gairm a bheith agat sa TF, cuideoidh an A-leibhéal seo sa Teicneolaíocht Dhigiteach leat réimsí ar leith den TF a shainaithint a mbeifeá ag iarraidh iad a leanúint ar an ollscoil nó mar ghairm.

Bheadh Teicneolaíocht Dhigiteach tairbheach i réimse leathan gairmeacha. Is sciar suntasach den aschur eacnamaíoch againn í tionsclaíocht TF anois. Is earnáil í a mbíonn na tuarastail níos airde ann ná an meánleibhéal do Thuaisceart Éireann agus bíonn deiseanna poist ag méadú go gasta. Tá an tionsclaíocht teicneolaíocht faisnéise le fás 2.4 faoin chéad sa bhliain ó 2006 go 2021, breis agus trí oiread den ráta d'fhás fostaíocht fhoriomlán i dTuaisceart Éireann.(www.bringitonni.info/parents--guardians/key-facts/) Arna rochtain Mí na Nollag 2015.

Le fírinne, bainfidh beagnach gach eagraíocht úsáid as TF lena n-oibriúcháin laethúla a dhéanamh. Mar thoradh, beidh meas ag beagnach gach eagraíocht ar an eolas, ar an tuiscint agus ar na scileanna a fhorbraíonn GCE sa Teicneolaíocht Dhigiteach. I measc na scileanna a gheobhaidh tú tá taighde, imscrúdú, anailís, cumarsáid fadhbréiteach, bainistíocht ama agus obair a dhéanamh le daoine eile.

Chomh maith leis sin, forbróidh tú scileanna praiticiúla maidir le coincheapa agus bunachair shonraí ríomhchláraithe.

© CCEA 2016

@ccea_info cceainfo ccea.info

Rewarding Learning

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **Shuíomh Gréasáin CCEA** leis an tacaíocht agus na nuashonrúcháin is úrnua a fháil don ábhar seo.

www.ccea.org.uk